Luibín

# MHAÍROIS

*Slí Chonamara*




## GENERAL INFORMATION

**TÚS / TRAILHEAD**
REILIG MHAÍROIS- MOYRUS CEMETERY

**SEIRBHÍSÍ / SERVICES**
CARNA (5KM)

**TÍR RAOIN / TERRAIN**
CLADACH, TRÁ, BÓITHRE BEAGA TUAITHE- ROCKY SHORE LINE, BEACHES, BOREENS

**FAD / DISTANCE** 5KM

**AM / DURATION**
2 UAIR A CHLOIG/ 2HRS

**SÁBHÁILTEACHT/SAFETY**
BRÓGA FEILIÚNACHA, ÉADAIGH BÁISTÍ, TABHAIR AIRE AR NA CARRAIGEACHA AGUS IAD FLIUCH / GOOD HIKING FOOTWEAR, RAIN GEAR, TAKE CARE WHEN ROCK SURFACE IS WET

## CUR SÍOS

GRÁD
**MEASARTHA**

D'fhéadfadh roinnt arda a bheith sna cosáin chomh maith le dromchla corrach atá in ann a bheith garbh le roinnt constaicí ar nós fréamhacha ag gobadh amach, carraigeacha, srl. Tá na bealaí seo oiriúnach do dhaoine a bhfuil leibhéal measartha aclaíochta acu chomh maith le roinnt taithí a bheith ag siúl. Moltar do dhaoine coisbheart agus éadaí siúil allamuigh ar leith a chaitheamh.

## DESCRIPTION

GRADE
**MODERATE**

These trails may have some climbs and may have an uneven surface where the going is rough underfoot, with some obstacles such as protruding roots, rocks, etc. The routes are appropriate for people with a moderate level of fitness and some walking experience. Specific outdoor walking footwear and clothing is recommended.

Tosaíonn an siúlóid seo ag Reilig Mhaírois. Tá ballaí teampaill ina seasamh sa reilig fós. Ceaptar gur sa séú haois a tógadh an séipéal seo. In aice láimhe tá suíomh an teampaill Protastúnach, áit ina raibh teampall agus scoil a tógadh in 1855.

Leanann an siúlóid siar ó dheas trí Thrá Mhaírois go Gob a Phuint. Uaidh sin leanann an siúl le cladach achrannach go dtí an Trá Mhóir. Siúil ar an trá ar feadh 500m, thar góilín bheag agus céibh, cas faoi chlé ag teach beag bán le taobh na farraige agus cosán amach ar an mbóthar. Ag an bpointe seo is féidir a.) casadh ar dheis suas an spior bhealach i dtreo ceann Mása, tharr an Stáisiún Aimsire. Tá sean áit faire ó aimsir an chogaidh ag an gceann agus is féidir feiceáil trasna go hoileán Mhic Dara, leis an séipéal ársa. b.) cas ar chlé le dul ar ais chuig Reilig Mhaírois. Téann an bóthar seo trí Dhubh Ithir agus síos go dtí an chéibh ag trá Mhaírois, le radhcanna álainne trasna ar na Beann Beola, Iorras Beag agus go leor oileáin.

This walk starts at Moyrus cemetery. The remains of the church in the cemetery are believed to date back to the 6th century. Close by is the site of the church set up by the Irish Missions in 1855. Walkers should head in a south westerly direction across Moyrus Beach to Gob a Phuint. From here the walk continues along the rocky shoreline to an Trá Mhóir. Walk along the beach and at about 500m past a small inlet and pier, turn left beside a white seaside cottage.

The small bóithrín will bring you up to the main road. From this point you can a) turn right up to Mace Head past the Atmospheric Research Station. There is an old wartime 'lookout' shelter on the headland and you can see across to St. Macdara's island with its iconic oratory. b) turn left back to Moyrus cemetery. This road runs through Dubhithir and down to the pier at Moyrus beach, affording beautiful views across the Twelve Bens, Errisbeg and many islands.

## NÁ FÁG DO LORG

NA PRIONSABAIL

1 Pleanáil chun cinn agus bí ullamh
2 Smaoinigh ar dhaoine eile
3 Bíodh meas agat ar ainmhithe feirme agus ar fhiadhúlra
4 Fág gach rud mar a fhaigheann tú é
5 Faigh réidh le bruscar mar ba choir

CLOÍ LEIS AN CÓD IS TÚ AR AON TURAS AMUIGH FAOIN AER

## LEAVE NO TRACE

PRINCIPLES

1 Plan Ahead and Prepare
2 Be Considerate of Others
3 Respect Farm Animals and Wildlife
4 Leave What You Find
5 Dispose of Waste Properly

PLEASE ADHERE TO THIS CODE IN ANY TRIP TO THE OUTDOORS

**FÓGRA:** Is réadmhaoin phríobháideach atá i gcuid den réadmhaoin atá á trasnú ag Lúibín Garumna. Tá cead isteach le caoinchead na n-úinéirí/sealbhóirí talún uile ar an gconair. Tá sé intuigthe go dtéann daoine isteach ar an talamh le cead agus le toiliú an úinéara talún, agus pé chomh minic a théann siad isteach, nó pé mhéid daoine atá i gceist, ní de cheart a dhéanann siad sin. Is cuma cé mhéid caiteachais a dhéanann páirtithe an chomhaontaithe seo nó daoine aonair ar an gconair atá á húsáid, ní athrófar an leagan amach sin. Mar fhianaise bhreise ar an mbealach isteach a bheith ceadmhach, dúnfar an chonair ar an 27 Feabhra gach bliain le comhaontú na n-úinéirí talún. Níl dada san fhógra seo a mbeidh éifeacht aige nó a dhíríonn ar aon cheart slí poiblí atá ann cheana.

**NOTICE:** Some of the property traversed by the Gorumna is private property. Access is available by kind permission of all the landowners/holders on the route. It is understood that persons entering do so by permission with the consent of the landowner and no matter how often they enter, or in what numbers, they do not do so as of right. No amount of expenditure by the partners to this agreement or by private individuals on the route being used will alter this position. As further evidence of the permissive nature of the access, the route will be closed on the 27 February each year in agreement with the landowners. Nothing in this notice shall impact or address any pre-existing public rights of way.

## TEAGMHÁIL ÉIGEANDÁLA:

I GCÁS ÉIGEANDÁLA
GLAOIGH AR **999**

## EMERGENCY CONTACT:

IN THE EVENT OF AN
EMERGENCY CALL **999**

Más mian le grúpaí pobal, siúlóide nó aonair siúlóid a fhorbairt in a cheantar fhéin is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Áineasa Tuaithe.

Any community, walking or individual groups wishing to develop trails in their local area, please contact the Rural Recreation Officer.

COUNTY GALWAY
**Rural Recreation Officer**

r.nishuilleabhain@forumconnemara.ie 087 7375599

Ordnance Survey of Ireland Licence No EN 0059214 © Ordnance Survey of Ireland, Government of Ireland. Tuilleadh eolas/further information 095 41118/091 551922